C/2024/2708

15.4.2024

Fógra le haghaidh na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1074 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1073 ón gComhairle , a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine

(C/2024/2708)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na heintitis a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 ([1]) ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1074 ([2]) ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 ([3]) ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1073 ([4]) ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na heintitis sin a chur ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 agus i Rialachán (AE) 2020/1998. Léirítear na forais leis na heintitis sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1074 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1073.

Cuirtear in iúl do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 31 Iúil 2024, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi 175/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an athbhreithnithe thréimhsiúil a dhéanfaidh an Chomhairle, de bhun Airteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2020/1999, ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá ainmnithe.

([1]) IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 13.
([2]) IO L, 2024/1074, 12.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1074/oj.
([3]) IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/1073, 12.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1073/oj.